

Cruth agus spás: Trasfhoirmiú – Moltaí don timpeallacht foghlama

SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Taispeáin stór focal ábhartha ar bhalla focal agus tagair dó le linn ceachtanna Mata agus de réir mar is cuí in ábhair/gníomhaíochtaí eile, m.sh., *nuair a thugtar patrúin, dearáí, struchtúir faoi deara san ealaín agus ailtireacht, nuair atá comhordanáidí nó greillí in úsáid in obair léarscáile, cluichí, srl.*
- Cuir cluichí agus gníomhaíochtaí ar fáil do na páistí inar féidir leo trasfhoirmithe a fhiosrú, m.sh., *puzail tangraim, peantománna, míreanna mearaí, puzail tileanna sleamhnáin, srl.*
- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí a gcuid puzal agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar thrasfhoirmiú a chruthú ina n-aonair nó i ngrúpaí.
- Spreag na páistí le cruthanna a thógáil agus trasfhoirmithe a chur i bhfeidhm orthu seo ag baint úsáid as geochláir (fisiciúil nó fíoriúil).
- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí le líneochtaí agus pictiúir shiméadracha a chur i gcrích, le agus gan gheillí.
- Pléigh agus taispeáin samplaí d'ealaín a bhfuil teilsilidí mar chuid díobh ó thimpeall an domhain, m.sh., *mósáicí na Róimhe, patrúin éadaí na hAfraice.*
- Glac páirt i dturas fíoriúil de dhánlanna agus iarsmalanna ealaíne agus déan plé ar shamplaí inar féidir nó nach féidir trasfhoirmithe a fheiceáil sna taispeántais.
- Déan pictiúir d'ealaín thesilithe a bhfuil saothar M. C Escher mar inspioráid leo.
- Cuir deiseanna ar fáil do na páistí cluichí a imirt a bhfuil gluaiseacht trasfhoirmithe mar chuid díobh, m.sh., *cathaoireacha ceoil ina rothlaíonn páistí timpeall an chiorcail, Deir Ó Grádaigh ('Deir Ó Grádaigh dhá chéim a ghlacadh ar chlé, rothlaigh do chorp 90 céim ar deiseal').*
- Bain úsáid as amhráin agus damhsaí cáiliúla agus/nó cultúrtha le béim a leagan ar ghluaiseacht/teanga thrasfhoirmithe, m.sh., *Cha Cha Slide, lonsaí na hInse.*
- Fiosraigh stair agus eolaíocht teicneolaíochtaí a bhfuil trasfhoirmithe mar chuid díobh, m.sh., *gloiní méadaíthe, teileascóip, gléasanna fótachóipeála, rothaí.*
- Agus cuir i láthair á réiteach go digiteach (agus úsáid á baint as roinnt sleamhnán), spreag na páistí le gnéithe a úsáid ar nós sleamhnaigh, iompaigh, rothlaigh, srl., le taispeántais níos dinimiciúla agus aeistéitiúla a chruthú.
- Cuir dúshlán roimh na páistí a gcuid leaganacha féin de rudaí a bhfuil trasfhoirmithe mar chuid díobh a athchruthú nó a dhearadh, m.sh., *dear roth Ferris nó puzal a bhfuil tileanna sleamhnáin mar chuid de*
- *Imir 'cluichí buile faoi thuairim' ina mbíonn ar pháistí rudaí, foirgnimh, srl., a shainaithint nuair a fheictear iad ó pheirspictíocht dhifriúil.*
- Cuir cluichí a bhfuil cur amach ag na páistí orthu in oiriúint chun gnéithe den trasfhoirmiú a thabhairt isteach iontu, m.sh., *ag baint úsáid as greille Longa Cogaidh, is féidir le páistí cur síos a dhéanamh ar aistriú a gcuid long cogaidh agus é a chur i bhfeidhm ionas gur féidir lena bpáirtithe é a athchruthú.*

SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Cruthaigh tionscnamh tileanna mósáice do halla na scoile, nó múrphictiúr a bhfuil siméadracht, teilsilidí, srl., mar chuid de.
- Téigh ar shiúlóid dúlra agus lorg scáileanna, siméadracht rothlach, teilsilidí, srl., sa cheantar áitiúil, m.sh., *duilleoga, bláthanna, sliogáin, foirgnimh, rothaí ar fheithiclí.*
- Tabhair faoi ghníomhaíochtaí agus cluichí amuigh faoin aer a bhfuil trasfhoirmithe mar chuid díobh, m.sh., *cluichí paraisiúit, cluichí ciorcail ar nós 'Lacha, Lacha, Gé', cluichí lúbra.*
- Glac grianghraif de chruthanna agus rudaí spéisiúla sa chlós scoile nó sa cheantar áitiúil, agus fiosraigh má tá siméadracht rothlach i gceist leo.
- Breathnaigh ar úsáid fíorshaoil phraiticiúil de thrasfhoirmithe sa cheantar áitiúil, m.sh., *ardaitheoirí agus staighrí beo, criosanna iompair.*

